

Ábhar

Na Meáin Ghaeilge

Téacs Léitheoireachta

Sliocht as an leabhar *Ar an Taifead: Fís, fuaim, focal* le Breandán Delap. Cois Life: Baile Átha Cliath 2007

Le caoinhead ó Chois Life agus ón údar

Ní cúrsa teanga ná plean ceachta atá i gceist leis an ábhar samplach seo agus níl sé i gceist go ndéanfaí gach tasc in aon seisiún teagaisc amháin. Is sampla atá ann de na cineálacha tascanna a d'fhéadfaí a bhunú ar an téacs d'fhonn na hinniúlachtaí agus na scileanna atá á gcur chun cinn sa siollabas a fhorbairt. Moltar go gcuirfeadh teagascóirí an t-ábhar in oiriúint dá gcuid mac léinn féin.



Na Meáin Ghaeilge

Réamhobair

Beidh tú ag léamh sleachta as leabhar faoi na meáin chumarsáide *Ar an Taifead, fíis, fuaim, focal* le Breandán Delap. Sula léann tú é, déan na tascanna thíos.

- Cad atá i gceist leis ‘na meáin chumarsáide’? Pléigh féin agus do pháirtí an cheist, scríobhaigí sainmhíniú agus déanaigí liosta de na meáin éagsúla atá ann, dar libh.
- ‘Fíis, fuaim agus focal’: Cad iad na meáin a thaitníonn leat faoi na ceannteidil sin? Pléigh agus déan liosta.
- Cé acu is fearr leat: fíis, fuaim nó focal? Cén fáth?
- Cad a shamhlaíonn tú le ‘meáin Ghaeilge’? Cén íomhá atá agat díobh?
- Seachas teanga, an mbeadh aon difear idir na meáin Ghaeilge agus na meáin Bhéarla sa tír seo, dar leat?
- An bhfuil cur amach agat ar na meáin in aon teanga eile seachas Gaeilge agus Béarla? Má tá, cad iad?
- An bhfuil Gaeilge agat ar *tweeting*? Cá bhfaighfeá Gaeilge air? Conas a dhéanfá cur síos ar an meán sin do dhuine nach dtuigeann é? Scríobh míniú.

Léamh

Anois léigh an sliocht agus déan na tascanna seo:

- Conas a dhéanfá cur síos ar stíl an tsleachta seo?
- An raibh aon deacrachtaí tuisceana agat? Má bhí, cad iad? Conas a réiteofá iad?
- Scríobh féin agus do pháirtí cúpla pointe a thabharfadh achoimre ar an méid atá le rá ag an údar.
- Cad iad na nithe dearfacha agus diúltacha a luann an t-údar? Pléigh.

Feasacht Teanga

- ‘...idir mheáin fhíise agus mheáin chlóite...’

Tabhair míniú ar na séimhithe sna focail thuas.

- ‘...tuilleadh clár Gaeilge...’

Cén ghné den ghramadach atá i gceist sa fhrása thuas? Pléigh agus cuir Gaeilge ar na frásaí thíos:

more students

too many newspapers
enough papers
more pens

- ‘thuigfeá dó’ ‘thuigfeá é’

Cad é an difear céille idir an dá abairt thuas? Pléigh agus mínigh na cinn seo.

abair dom é	abair liom é
déan léi é	déan di é
scríobh teachtaireacht dom	scríobh teachtaireacht chugam

- ‘...ag treabhadh ghort na hiriseoireachta Gaeilge...’

Cén ghné den ghramadach atá i gceist sna frásaí thuas? Pléigh agus déan na cinn seo.

ag cáineadh (múinteoirí + bunscoil + tír)
ag eagrú (comórtas + peil + Gaeltacht)
ag moladh (cumann + peil + Éire)
ag plé (fadhbanna + muintir + Gaeltacht)

- ‘...níos mó deiseanna fostaíochta ann anois d’ábhar iriseora Gaeilge...’

Cad iad na bríonna éagsúla atá ag an bhfocal ‘ábhar’? Pléigh agus mínigh na leaganacha seo:

ábhar leabhair
ábhar tine
ábhar file
ábhar gearáin
ábhar múinteora
ar an ábhar sin
ábhar machnaimh
baineann sé le hábhar
tá sé ábhar deacair

- ...‘Mar is beag gearb nach bhfuil dóite againn faoin tráth seo, ná clocha móra nach bhfuil curtha ar phaidríní, tairní nach bhfuil crúite ná luganna nach bhfuil tite ar laganna. Tá muin na muice i mbaol a briste, tá béal na bearna líonta le sceacha agus tá an trá fholamh beagnach lán le daoine a fágadh uirthi le blianta beaga anuas. Tá strus damanta chomh maith ar obrádlanna na tíre agus dochtúirí ar a seacht ndícheall ag iarraidh an gad is giorra den scornach a bhaint amach agus an t-ualach ar an mhéar fhada a laghdú...’

An dtuigeann tú na cora cainte atá sa sliocht thuas? Mura dtuigeann, cén acmhainn is fearr a úsáid chun tuiscint a fháil orthu?

Déan iarracht gach cor cainte sa sliocht a aimsiú agus iad a chur in abairt a léireodh a mbrí.

Sampla: ‘ní hí an aiste sin an chloch is mó ar mo phaidrín faoi láthair’.

- ‘...is é an comhthoradh is mó a bhaineann leis an bhorradh atá tagtha ar na meáin Ghaeilge...’
‘...tabhairt faoin chineál seo oibre...’

Cén chanúint a léirítear sna habairtí thuas? Conas a déarfá na habairtí céanna i gcanúintí eile?

Iarobair

- ‘...I was often tempted to give way to the feeling that takes possession of a person and to put a sod of turf through the radio...’

Cad iad na nithe a fheiceann tú agus a chloiseann tú sna meáin a mbraitheann tú mar seo fúthu?

- Smaoinigh féin agus do pháirtí ar fhógra teilifíse, raidió nó nuachtáin a chuir nó a chuireann isteach oraibh. Dréachtaí ríomhphost chuig an údarás cuí ag cur bhur míshástachta in iúl agus ag tathant ar an údarás an fógra a bhaint den aer.
- ‘...Is ar an imeall atá iriseoireacht na Gaeilge ag feidhmiú le fada ar ndóigh mar is dual do shaothair i dteanga neamhfhorleathan...’ Pléigh an ráiteas seo.
- ‘...Never mind the quality, feel the Gaelic...’

Cad is bunús leis an ráiteas seo?

- Seo nithe a luann an t-údar maidir leis na meáin. Cén tábhacht a bhaineann leo, dar leat?

géarchúiseach
imscrúdaitheach
ag feidhmiú san áit ar thibhe buillí agus ar thréine teagmháil
níos mó ama a chaitheamh ag tochailt agus ag salú a gcuid lámh

Téacs

I 1960, le linn díospóireachta Dála faoin Ghaeilge, dúirt an Teachta Jack McQuillan gur chrá croí agus céasadh é a bheith ag éisteacht le cláir Ghaeilge ar Raidió Éireann:

I have listened to Raidió Éireann, particularly in the last twelve months, in order that I would be in a position to discuss it from experience. I must confess that to listen to the productions night after night was one of the greatest penances I ever had to impose on myself. I was often tempted to give way to the feeling that takes possession of a person and to put a sod of turf through the radio. (*Díospóireachtaí Dála, Imleabhar 160*).

Thuigfeá dó. Mar dhuine atá ag treabhadh ghort na hiriseoireachta Gaeilge, is iomaí uair a bhí cathú orm féin dul i muinín an fhóid mhóna chéanna ach measaim go bhfuil iriseoirí na Gaeilge ag cur barraíocht brú ar acmhainní nádúrtha mar atá.

Mar is beag gearb nach bhfuil dóite againn faoin tráth seo, ná clocha móra nach bhfuil curtha ar phaidríní, tairní nach bhfuil crúite ná luganna nach bhfuil tite ar laganna. Tá muin na muice i mbaol a briste, tá béal na bearna líonta le sceacha agus tá an trá fholamh beagnach lán le daoine a fágadh uirthi le blianta beaga anuas. Tá strus damanta chomh maith ar obrádlanna na tíre agus dochtúirí ar a seacht ndícheall ag iarraidh an gad is giorra den scornach a bhaint amach agus an t-ualach ar an mhéar fhada a laghdú.

...Bíodh sin mar atá, tháinig an t-athrach ar an athrach ón uair a bhí an Teachta McQuillan ag comhlíonadh a bhreithiúnas aithrí. Tá borradh suntasach tagtha ar na meáin Ghaeilge, idir mheáin fhíse agus mheáin chlóite, le tríocha bliain anuas...Ach d'fhéadfá a rá gurbh é 1996 *annus mirabilis* na meán Gaeilge. Laistigh de choicís i nDeireadh Fómhair na bliana sin, tháinig TG4 ar an aer den chéad uair agus foilsíodh an chéad eagrán de *Foinse*. Ní haon áibhéil a rá gur athraíodh iriseoireacht na Gaeilge ó bhonn i mí Dheireadh Fómhair 1996 agus gur cuireadh tús le ré órga úr sa chumarsáid. Tá i bhfad níos mó deiseanna fostaíochta ann anois d'ábhar iriseora Gaeilge agus méadú dá réir tagtha ar scóip na hoibre agus ar an éileamh atá uirthi.

Ach in ainneoin na bhforbairtí seo uilig, níor mhór a admháil go bhfuil cúlú tagtha fosta. Óir tá iriseoireacht na Gaeilge ar ais sa gheiteo anois. Tríocha bliain ó shin bhíodh ailt Ghaeilge in *The Irish Press* agus ó am go chéile, fiú in *The Irish Independent* agus bhíodh tuilleadh clár Gaeilge á gcráoladh ar Raidió Éireann agus ar RTÉ. Is é an comhthoradh is mó a bhaineann leis an bhorradh atá tagtha ar na meáin Ghaeilge ná go bhfuil ról níos imeallaí ag an teanga sna meáin Bhéarla.

Níor mhór a admháil fosta nach gá go mbeadh an caighdeán ardaithe de réir an mhéid a tháirgtear. Mar a dúirt an té a dúirt: 'Never mind the quality, feel the Gaelic.' Is minic nach mbíonn na meáin Ghaeilge chomh géarchúiseach nó imscrúdaitheach is ba cheart dóibh a bheith agus bíonn neart buaileam sciath ar siúl faoin mhéid blianta torthúla atá curtha isteach acu. Is annamh iad ag feidhmiú san áit ar thibhe buillí agus ar thréine teagmháil. Ní haon strainséir í an tsluasaid sa Ghaeltacht agus b'fhéidir go bhfuil sé in am anois ag iriseoirí na Gaeilge níos mó ama a chaitheamh ag tochailt agus ag salú a gcuid lámh.

Tuigim go bhfuil sé thar a bheith deacair tabhairt faoin chineál seo oibre mar go bhfuil saol na Gaeilge is na Gaeltachta chomh beag sin agus go bhféadfadh go mbeadh aithne phearsanta

ag go leor de na hiriseoirí ar na pearsana a bheadh á bhfiosrú acu. Is doiligh, dá bharr sin, léirmheas macánta a dhéanamh ar eagraíochtaí na Gaeilge agus araile. É sin ráite, ní féidir a bheith de shíor ag cuimilt boise agus níor mhór na fiacla a dhrannadh nuair is gá. B'fhíor don iriseoir Miriam Lord nuair a dúirt sí nach bhfuil d'úsáid ag preasráitis ach le nótaí a bhreacadh ar a gcúl.

Ach an oiread le gnéithe eile den saol comhaimseartha, áfach, níl aon díolúine ag cúrsaí iriseoireachta ó ghalar na lagmheasarthachta. Nuair a thruaillítear an margadh le hearraí d'ísealchaighdeán is minic a bhrúitear an táirge maith amach ar an imeall; ach is mó a shantaítear é dá bharr. Is ar an imeall atá iriseoireacht na Gaeilge ag feidhmiú le fada ar ndóigh mar is dual do shaothair i dteanga neamhfhorleathan. Ach níor mhiste an t-ionad sin a chaomhnú go cruinn aireach de réir mar a phlodaítear an t-imeall le rogha shíoraí agus uileláithreachta na nuachta.

...Is i gConamara atá 'sráidbhaile domhanda' chumarsáid na Gaeilge. Bhí léargas soiléir, don té a mbeadh amhras air, le fáil ag ócáid bhronnta dhuaisianna cumarsáide an Oireachtais ag Féile na Bealtaine i dTrá Lí i 2006, faoin éifeacht atá ag an bhorradh faoi na meáin Ghaeilge anois ar iarthar na hÉireann. Bhí rith an rása ina iomláine nach mór ag Gaeltacht na Gaillimhe ag an bhronnadh mar gurb ann a bhí ochtar den naonúr a scuab leo an chreach. (Mar a tharlaíonn sé, ba chlár a rinneadh faoi bhean as Conamara – Caitlín Maude – a bhí i gceist leis an aon eisceacht amháin!) Cruthúnas ab ea caithréim Chonamara sna duaisianna cumarsáide an oíche úd don rath atá ar na meáin Ghaeilge san iarthar anois agus gur beag d'anáil na hardchathrach atá le sonrú orthu.

Óir tá TG4, Raidió na Gaeltachta agus *Foinse* lonnaithe in achomaireacht sé mhíle dá chéile. Tá Telegael, 'Ros na Rún' agus Gael Media soir an bóthar uathu. Ciallaíonn sé sin go bhfuil iriseoirí agus craoltóirí ag fámaireacht thart i gConamara ag lorg líon teoranta scéalta. Tá rian na *dripods* le feiceáil ar thaobh an bhóthair agus, mar a dúradh in 'Ar Son na Cúise' in *Foinse*, tá an baol ann go mbeidh níos mó iriseoirí i gConamara ná mar atá clocha!

I ngarbhchuntas a rinne mé le déanaí b'fhacthas dom go raibh cuid mhaith os cionn trí chéad duine ag obair i réimse na cumarsáide ó Bhearna go Carna – idir TG4, Raidió na Gaeltachta, *Foinse*, Telegael, 'Ros na Rún' agus Gael Media, mar aon le saoiriseoirí agus foireann eile. Ní dócha go bhfuil mórán le cois ochtar dochtúirí, deichniúr gardaí nó cúig shagart déag lonnaithe sa stráice céanna. Seans fosta, go mbíonn níos mó iriseoirí ag ól i dTigh Hughes ar an Spidéal ná mar a bhíonn i Doheny and Nesbitts san ardchathair! Is maith an rud é go bhfuil na meáin Ghaeilge díláraithe ó Bhaile Átha Cliath ach tá cás anois ann go ndéanfaí iad a dhílárú ó Chonamara. B'fhéidir go bhfuil sé in am 'súil eile' a aimsiú laistigh den tsúil eile.

As an leabhar *Ar an Taihead: fis, fuaim, focal* le Breandán Delap (Cois Life: 2007).
Le caoinchead ó Chois Life agus ón údar.